<u>COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL</u>

<u>FINGAL COUNTY COUNCIL</u>

Comhairle Contae Fhine Gall

Fingal County Council

DRÉACHT

# COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL FODHLÍTHE UM RIALÁIL PÁIRCEÁLA 2019

# COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL
# FODHLÍTHE UM RIALÁIL PÁIRCEÁLA 2019

# LEAGAN AMACH NA BHFODHLÍTHE

## Cuid 1 Réamhráiteach


1. Lua
2. Tosach Feidhme
3. Limistéar Feidhme
4. Cúlghairm
5. Léirmhíniú


## Cuid II Páirceáil Ticéad Íoc agus Taispeáin


6. Páirceáil in áit páirceála ticéid
7. Feithiclí is féidir a pháirceáil in áit pháirceála ticéad
8. Oibleagáid chun ticéad páirceála bailí a thaispeáint
9. Táillí Páirceála
10. Bealach agus am íocaíochta táille pháirceála
11. Tréimhse na páirceála in áit pháirceála ticéad
12. Tá cosc ar ghluaisrothair ó pháirceáil in áit pháirceála ticéad
13. Cuirtear Rialuithe Páirceála Íoctha ar fionraí ar laethanta a shonraítear
14. Meaisín páirceála ticéad nó áit pháirceála ticéad a chur ar fionraí
15. Cur isteach


## Cuid III Cead Páirceála Cónaitheoirí


16. Sainmhínithe do Chuid III
17. Sonraí faoi chead páirceála cónaitheora
18. Cead chun feithicil a pháirceáil ina bhfuil cead páirceála cónaitheora ar taispeáint
19. Cead páirceála cónaitheora a thaispeáint
20. Cead páirceála cónaitheora a eisiúint agus an táille a ghearrtar air
21. Cead páirceála cónaitheora a athnuachan
22. Cead páirceála cónaitheora ionaid a eisiúint
23. Cead páirceála cónaitheora a sheoladh ar ais
24. Athrú feithicle – cead páirceála cónaitheora a eisiúint
25. Cead páirceála cónaitheora a eisiúint do dhaoine muinteartha neamhchónaithe

26. Cur isteach ar chead páirceála cónaitheora/Cead páirceála cónaitheora neamhbhailí

## Cuid IV
## Cead Páirceála Cuairteora

27. Sainmhínithe do Chuid IV
28. Sonraí faoi chead páirceála cuairteora
29. Cead chun feithicil a pháirceáil ina bhfuil cead páirceála cuairteora ar taispeáint
30. Cead páirceála cuairteora a thaispeáint
31. Cead páirceála cónaitheora a eisiúint agus an táille a ghearrtar air
32. Cead páirceála cuairteora a dhiúscairt/Cur isteach ar chead páirceála cuairteora

## Cuid V
## Ceadanna Páirceála Tráchtála

33. Sonraí faoi chead páirceála tráchtála
34. Cead páirceála tráchtála a eisiúint agus an táille a ghearrtar air
35. Cead chun feithicil a pháirceáil ina bhfuil cead páirceála tráchtála ar taispeáint
36. Cead páirceála tráchtála a thaispeáint
37. Cead páirceála tráchtála a athnuachan
38. Cead páirceála tráchtála ionaid a eisiúint
39. Cead páirceála tráchtála a aistriú
40. Cead páirceála tráchtála neamhbhailí/Cur isteach ar chead páirceála tráchtála
41. Cáipéisí falsaithe

## Cuid VI
## Cead gan Meaisín(í) Ticéad Páirceála Íoc agus Taispeáin agus/nó Áit(eanna) P(h)áirceála Íoc agus Taispeáin a Oibriú

42. Iarratas
43. Coinníollacha an cheada
44. Táillí Cuí
45. Cead a Eisiúint
46. Sárú ar Choinníollacha

47. Bánna a chur ar Fionraí go Neamhúdaraithe

## Cuid VII
## Ilghnéitheach

48. Gan feidhm a bheith ag Fodhlíthe 6 go dtí 15, de na Fodhlíthe seo le feithiclí áirithe
49. Bánna Páirceála Bus
50. Glanbhealaí
51. Bánna Lódála
52. Limistéir Thuirlingthe
53. Ceadanna páirceála dea-mhéine a eisiúint
54. Cáipéisíocht fhalsaithe
55. Séanadh

**Aguisín 1 –** Táillí Páirceála ar Pháirceáil Sráide
**Aguisín 2 –** Táillí Páirceála i gCarrchlóis
**Aguisín 3 -** Páirceáil Íoctha i gCarrchlóis
**Aguisín 4 –** Táillí ar Bhánna Páirceála Méadraithe agus Marcanna Bóthair a Bhaint agus a Chur ar Fionraí go Sealadach

# COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL
# FODHLÍTHE UM RIALÁIL PÁIRCEÁLA 2019

## Cuid I
## Réamhráiteach

Leis seo, déanann Comhairle Contae Fhine Gall (dá ngairtear "an Chomhairle" anseo feasta) i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a dhílsítear dóibh le hAlt 101 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú ag Alt 6 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968 agus Alt 36 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994 (Uimh. 7 de 1994) agus tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda Síochána, na Fodhlíthe seo a leanas:-

| | | |
|---|---|---|
| **Lua** | 1. | Féadtar Fodhlíthe um Rialú Páirceála Chomhairle Contae Fhine Gall 2019 a ghairm de na Fodhlíthe seo. |
| **Tosach Feidhme** | 2. | Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i bhfeidhm an 1ú lá de XXXXX, 2019. |
| **Limistéar Feidhme** | 3. | Baineann na fodhlíthe seo le limistéar riaracháin Chontae Fhine Gall. |

**Cúlghairm** 4. Déantar Fodhlíthe um Rialú Páirceála Chomhairle Contae Fhine Gall, 2002, Fodhlíthe Áiteanna Páirceála Chomhairle Contae Fhine Gall (Leasú), 2003, Fodhlíthe Áiteanna Páirceála Chomhairle Contae Fhine Gall (Leasú), 2005, Fodhlíthe Áiteanna Páirceála Chomhairle Contae Fhine Gall, 2009 agus Fodhlíthe um Rialuithe Páirceála do Charrchlóis Chomhairle Contae Fhine Gall, 2011 a chúlghairm leis seo.

**Léirmhíniú** 5. Sna Fodhlíthe seo:-

Ciallaíonn **"an tAcht um Thrácht ar Bhóithre"** na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 2006;

Ciallaíonn **"Acht 1994"** an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1994 (Uimh. 7 de 1994);

Ciallaíonn **"Rialacháin 1997 -2014"** na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht agus Páirceáil), 1997 go 2014;

Ciallaíonn **"Rialacháin na gComharthaí 1997-2012"** na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Comharthaí), 1997 go 2012;

Ciallaíonn **"Spás Páirceála do Dhaoine Breacaosta"** spás cúirtéise do dhaoine breacaosta a dteastaíonn siad uathu;

Ciallaíonn **"Gníomhaire na Comhairle"** aon duine atá fostaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall nó aon duine eile atá údaraithe ag an gComhairle chun tabhairt faoi fheidhmeanna faoi na Fodhlíthe seo;

Ciallaíonn **"Táille Pháirceála Chuí"** an táille atá iníoctha faoi mar a fhorordaítear sna fodhlíthe seo don limistéar páirceála ticéad ina bhfuil an fheithicil páirceáilte;

Ciallaíonn **"Meaisín Ticéad Páirceála"** meaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin atá lonnaithe ar an mbóthar poiblí **nó sa charrchlós** ina bhfuil an fheithicil páirceáilte nó, nuair a thugtar le fios ar chomhartha eolais, ar bhóthar nó carrchlós ina aice;

Tá an bhrí le **"Duine Údaraithe"** a shanntar dó in Alt 103 (8) (arna iontráil ag an Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968) (Uimh. 25 de 1968) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú;

Ciallaíonn **"Limistéar Maolánach"** an limistéar idir dhá áit pháirceála;

Ciallaíonn **"Bá Páirceála Bus"** áit atá ainmnithe ag Comhairle Contae Fhine Gall chun busanna agus cóistí a pháirceáil, ina bhfuil líon suíochán do bhreis agus 8 bpaisinéir, ar mhaithe le paisinéirí a fhágáil agus a bhailiú amháin agus a shainítear trí mharcanna agus comharthaíocht eolais chuí lena ngabhann.

Ciallaíonn **"Club Gluaisteán"** club gluaisteán a cheadaíonn údarás bóithre ina leith sin;

Ciallaíonn **"Bá Páirceála Feithicle Club Gluaisteán"** spás a mbeartaítear feithicil faoi thiomáint mheicniúil a pháirceáil ann ina bhfuil cead feithicle club gluaisteán ar taispeáint;

Ciallaíonn **"Carrchlós"** na carrchlóis a chuireann an Chomhairle ar fáil agus atá faoi rialú na Comhairle agus áirítear leo gach ceann de na carrchlóis faoi mar a leagtar amach in Aguisín 2.

Ciallaíonn **"Glanbhealach"** cuid de bhóthar ar a bhfuil comhartha tráchta Uimh. RUS 010 (glanbhealach agus pláta eolais) in airde ag a thús agus ar a bhfuil comhartha tráchta Uimh. RUS 010

(glanbhealach agus pláta eolais) ag a chríoch ina gcuimsítear na focail "Críoch".

Ciallaíonn **"Cead Páirceála Tráchtála"** cead páirceála a d'eisigh an Chomhairle nó a gníomhairí do 'gnólacht cáilitheach' ar mhaithe le cuspóirí na bhFodhlíthe seo.

Ciallaíonn **"Cead Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas**" cead a eisíodh faoi Airteagal 43 de Rialacháin na gComharthaí, 1997 agus 1998;

Ciallaíonn **"Feithicil faoi Chumhacht Leictreach**" feithicil faoi thiomáint mheicniúil atá faoi chumhacht –

(a) Díreach trí chadhnra in-athluchtaithe, nó

(b) Trí chadhnra in-athluchtaithe agus inneall dócháin inmheánaigh agus is féidir ceachtar foinse cumhachta a úsáid chun an fheithicil a thiomáint.

Ciallaíonn **"Bá Athluchtaithe Feithicle faoi Chumhacht Leictreach"** spás a mbeartaítear feithicil faoi chumhacht leictreach a pháirceáil ann fad a bhíonn cadhnra na feithicle á athluchtú agus tugtar an bá le fios trí chomhartha tráchta uimhir RRM 035 de Rialacháin na gComharthaí.

Ciallaíonn "**Feithicil Earraí**" feithicil nach n-úsáidtear ach chun earraí a iompar agus a n-íoctar cáin bhóthair as chun críocha tráchtála;

Ciallaíonn "**Saoire**" Aoine an Chéasta nó aon lá ar saoire phoiblí é chun críocha an Achta um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973 (Uimh. 25 de 1973);

Ciallaíonn "**Pláta Eolais**" pláta ar a bhfuil comhartha tráchta agus a thugann teorainneacha ama le fios a bhaineann leis an gcomhartha tráchta siúd;

Ciallaíonn **"Bá Lódála"** an stráice de bhóthar a thugtar le fios trí Chomhartha Tráchta cuí RRM 009 dá bhforáiltear i Rialacháin na gComharthaí, 1997; ní pháirceálfar feithicil eile seachas feithicil earraí ann i rith na tréimhse a thabharfar le fios ar phláta eolais.

Ciallaíonn **"Limistéar Fadfhanachta"** limistéar páirceála ticéad ina dtaispeánfar an táille pháirceála atá iníoctha ar an meaisín ticéad páirceála cuí agus faoi mar a leagtar amach in Aguisín 1 de na Fodhlíthe seo;

Ciallaíonn **"Uaireanta Oibríochtúla"** tréimhsí oibriúcháin a thugtar le fios ar an meaisín ticéad páirceála cuí nó ar an bpláta eolais cuí;

Ciallaíonn **"Áit Pháirceála Íoctha"** spás, áit nó bá i limistéar páirceála ticéad nó aon áit eile ar bhóthar nó i gcarrchlós poiblí a bheartaítear feithicil faoi thiomáint mheicniúil a pháirceáil ann ina bhfuil uimhir chomhartha tráchta RUS 018 agus aon cheann de na comharthaí tráchta RRM 011, RRM 012, RRM 013, RRM 014, RRM 015 nó RRM 016 curtha in airde;

Ciallaíonn **"Táille Pháirceála"** an táille atá iníoctha faoi mar a fhorordaítear sna Fodhlíthe chun feithicil a pháirceáil;

Ciallaíonn **"Ticéad Páirceála"** ticéad páirceála íoc agus taispeáin a eisíonn an Chomhairle trí mheaisín ticéad páirceála agus ar a bhfuil na sonraí seo a leanas:

(a) Na focail "Comhairle Contae Fhine Gall" agus/nó "Fingal County Council"
(b) an táille a íocadh maidir leis an ticéad,

(c) an dáta agus an t-am a eisíodh an ticéad,
(d) am éagtha an ticéid,
(e) an limistéar páirceála ticéad lena mbaineann sé nó an láthair ónar eisíodh an ticéad;

Ciallaíonn **"Meaisín Ticéad Páirceála"** meaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin atá lonnaithe ar an mbóthar poiblí nó sa charrchlós inar féidir ticéad páirceála a sholáthar go huathoibríoch nuair a iontráladh an táille chuí a fhorordaítear sna Fodhlíthe seo isteach sa mheaisín;

Is é **"Clib Pháirceála"** an rogha a chuireann an Chomhairle ar fáil chun íoc ar an nguthán as páirceáil sráide/eas-sráide;

Ciallaíonn **"Cárta Íocaíochta"** aon chárta, a nglacann an Chomhairle nó a gníomhairí leis, ar féidir é a úsáid chun íoc as earraí agus seirbhísí cibé acu trí chreidmheas, dochar díreach nó trí mhuirear a ghearradh ar chuntas shealbhóir an chárta;

Ciallaíonn **"Bóthar Poiblí"** bóthar a bhfuil ceart slí poiblí ina leith agus a bhfuil údarás bóithre freagrach as a chothabháil;

Ciallaíonn **"Limistéar Tuirlingthe"** áit a n-ainmnítear mar limistéar tuirlingthe paisinéirí ó fheithicil, agus mar an limistéar sin amháin, agus a thugtar le fios leis na marcanna agus an chomharthaíocht eolais chuí;

Ciallaíonn **"Limistéar Gearrfhanachta"** limistéar páirceála ticéad ina dtaispeánfar an táille pháirceála atá iníoctha ar an meaisín ticéad páirceála cuí agus faoi mar a leagtar amach in Aguisín 1 de na Fodhlíthe seo;

Ciallaíonn **"Sráid"** bóthar poiblí;

Ciallaíonn **"Limistéar Páirceála Ticéad"** limistéar ar bhóthar poiblí nó i gcarrchlós ina bhfuil comhartha tráchta Uimh. RUS 018 agus aon cheann de na comharthaí tráchta RRM 011, RRM 012, RRM 013, RRM 014, RRM 015 nó RRM 016 de Rialacháin na gComharthaí, 1997 curtha in airde;

Ciallaíonn **"Áit Pháirceála Ticéad"** áit ar bhóthar poiblí nó i gcarrchlós inar gá ticéad páirceála bailí a thaispeáint chun feithiclí a pháirceáil;

Ciallaíonn **"Crios Páirceála Ticéad"** an tsráid nó na sráideanna a thugtar le fios ar chead páirceála cónaitheora, cead páirceála cuairteora nó cead páirceála tráchtála;

Tá le **"Maor Tráchta"** an bhrí a shanntar dó le hAlt 2 den Acht um Údaráis Áitiúla (Maoir Thráchta), 1975 (Uimh. 14 de 1975), arna leasú;

Ciallaíonn **"Boinn Bhailí"** na boinn atá léirithe ar an meaisín cuí ticéad páirceála;

Ciallaíonn **"Ticéad Páirceála Íoc agus Taispeáin Bailí"** ticéad páirceála íoc agus taispeáin a ceannaíodh ag meaisín cuí ticéad páirceála íoc agus taispeáin agus nach bhfuil imithe in éag agus atá bailí don áit pháirceála íoctha ina bhfuil an fheithicil páirceáilte;

Ciallaíonn **"Clib Pháirceála Bhailí"** go bhfuil an táille pháirceála chuí íoctha ag úsáideoir cláraithe clibe páirceála don fheithicil pháirceáilte agus nach bhfuil an tréimhse íoctha caite in éag;

Ciallaíonn **"Feithicil"**

(a) feithicil paisinéirí a bhfuil cóiríocht paisinéirí inti do nach mó ná dhá dhuine dhéag seachas an tiománaí agus nach dtarraingíonn sé leantóir nó feithicil eile;

(b) feithicil earraí nach mó ná 3 thonna a meáchan neamhualaithe agus nach dtarraingíonn sé leantóir nó feithicil eile.

## CUID II

## Páirceáil Ticéad Íoc agus Taispeáin

**Páirceáil i limistéar** 6. 1. Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas le linn uaireanta oibriúcháin **páirceála íoctha** chun feithicil a pháirceáil in áit páirceála ticéid:-

(a) an táille páirceála a íoc,

(b) faoi réir mhír (2) den Fhodhlí seo, beidh feithicil atá páirceáilte in áit pháirceála ticéad le linn uaireanta oibriúcháin, nuair a chuirtear áiteanna páirceála ar fáil ag an limistéar páirceála íoctha sin, páirceáilte laistigh den limistéar ina bhfuil áit pháirceála,

(c) ní dhéanfar feithicil, seachas feithiclí de chuid Club Gluaisteán, nuair a dhéantar foráil faoin reachtaíocht rialaithe chuí, faoin bhFodhlí nó faoin gceadúnas, nó feithiclí a thaispeánann cead bailí páirceála do dhuine faoi mhíchumas, a bhí páirceáilte san áit pháirceála ticéad sin ar feadh tréimhse íosta a cheadaítear san áit pháirceála ticéad sin, mar atá léirithe ar an meaisín ticéad páirceála cuí de réir Fhodhlí 11, a pháirceáil arís in áit pháirceála ticéad ar an mbóthar poiblí nó i gcarrchlós ina bhfuil an áit pháirceála ticéad sin suite go dtí go mbeidh ar a laghad uair an chloig caite ó bhí an fheithicil páirceáilte san áit pháirceála íoctha den uair is deireanaí roimhe sin,

(d) ní dhéanfar feithicil a pháirceáil i limistéar maolánach,

(e) déanfar feithicil atá páirceáilte in áit pháirceála ticéad tráth nach bhfuil le linn uaireanta oibriúcháin a bhaint den áit pháirceála ticéad nuair a thosaíonn tréimhse uaireanta oibriúcháin, mura bhfuil ticéad páirceála bailí ar taispeáint ag an tosach sin agus i rith na coda eile den tréimhse pháirceála, i gcomhréir le Fodhlí 8(2) agus Fodhlí 8(3) de na Fodhlíthe seo, nó gur íocadh as an bpáirceáil trí Chlib Pháirceála/íocaíocht Leictreonach.

(f) nuair is feithicil earraí atá i bhfeithicil atá á páirceáil in áit pháirceála ticéid i rith uaireanta oibríochtúla fad atá earraí á lódáil nó á ndílódáil go gníomhach isteach san fheithicil nó ar an bhfeithicil, ní bheidh feidhm ag alt (1) d'Fhodhlí 8 go dtí go n-éagann 30 nóiméad i ndiaidh thosú na páirceála.

(g) ní pháirceálfaidh duine feithicil nó ní chuirfidh duine faoi deara feithicil a bheith páirceáilte in áit pháirceála íoctha i suíomh ar leith ina síneann an fheithicil, nó aon chuid den fheithicil, ó áit pháirceála (bá) amháin isteach go ceann eile,

2. D'ainneoin mhír (1) (b) den Fhodhlí seo, féadfaidh feithicil atá páirceáilte in áit pháirceála le linn uaireanta oibriúcháin dul isteach i limistéar maolánach ina aice má chuireann fad na feithicle cosc ar a páirceáil go hiomlán de réir mhír (1)(b) den Fhodhlí seo.

3. Ní bhainfidh an Fodhlí seo le háit pháirceála nuair atá an meaisín ticéad páirceála don áit

pháirceála sin ar fionraí go sealadach ó oibriú de réir Fhodhlí 14.

**Feithiclí a fhéadfar a pháirceáil in áit pháirceála ticéad**

7. Is féidir feithiclí inneallghluaiste amháin, de haicmí seo a leanas, a pháirceáil in áit in áit pháirceála ticéad i rith uaireanta oibríochtúla:

1. feithicil paisinéirí a bhfuil cóiríocht paisinéirí inti do nach mó ná dhá dhuine dhéag seachas an tiománaí agus nach dtarraingíonn sé leantóir nó feithicil eile;

2. feithicil earraí nach mó ná 3 thonna a meáchan neamhualaithe agus nach dtarraingíonn sé leantóir nó feithicil eile;

3. feithicil Club Gluaisteán a thaispeánann Cead Feithicle Club Gluaisteán bailí;

4. feithicil a thaispeánann cead páirceála bailí do dhaoine faoi mhíchumas;

5. feithicil faoi chumhacht leictreach má tá sé páirceáilte i mbá luchtaithe feithicle atá marcáilte go sonrach, agus má tá sé ag athluchtú go gníomhach ar feadh tréimhse uasta 3 huaire an chloig.

**Oibleagáid ticéad páirceála bailí a thaispeáint**

8. 1. Taispeánfar ticéad páirceála bailí faoi mar a shonraítear san Fhodhlí seo ar an taobh istigh d'fheithicil atá páirceáilte go dleathach i limistéar páirceála ticéad le linn uaireanta oibriúcháin.

2. Taispeánfar ticéad páirceála bailí ar an taobh istigh den fheithicil agus leagfar é ar thaobh na deaise is gaire don chosán chun gur féidir le duine lasmuigh den fheithicil a dheimhniú go sábháilte a fhad le cén t-am a bheidh an ticéad páirceála bailí, agus

3. Taispeánfar an ticéad páirceála de réir mhír (2) den Fhodhlí seo fad a bheidh an fheithicil páirceáilte san áit pháirceála sin.

4. Má theipeann ort ticéad páirceála íoc agus taispeáin, cead páirceála nó cead páirceála do dhaoine faoi mhíchumas bailí a thaispeáint nó a chur ar taispeáint i gceart, i gcomhréir le mír (2) den Fhodhlí seo, d'fhéadfadh forfheidhmiú a bheith mar thoradh air i ngeall ar neamhíocaíocht na táille páirceála.

5. Ní gá Ticéad nó Clib a thaispeáint le haghaidh Clib Pháirceála Bhailí agus Páirceáil Mhiondíola Bhailí.

**Táillí Páirceála**

9. 1. Is amhlaidh a bheidh na táillí páirceála atá iníoctha agus mar a thaispeántar ar an meaisín ticéad páirceála cuí nó mar a shainaithnítear trí chriosanna le haghaidh íocaíochtaí clib pháirceála agus faoi mar a leagtar amach in Aguisín 1 agus Aguisín 2 de na Fodhlíthe seo.

2. Lena ligean gníomhaíocht mhiondíola a chur chun cinn Sa Chomhairle nó le modh nó modhanna ar leith íocaíochta a chur chun cinn, is féidir leis an gComhairle táille pháirceála laghdaithe a ghearradh ar fheithiclí a pháirceáiltear i gcomhréir le Fodhlí 7 (1) agus (2) agus (6) ar na rátaí siúd ag ag na hamanna siúd agus do na tréimhsí

siúd a leagtar amach i dtuarascáil, agus a dheonaítear trí rún na mBall den Chomhairle.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Modh agus am íocaíochta na táille páirceála** | 10. | 1. | Ceannófar ticéad páirceála ó mheaisín ticéad páirceála chuínó déanfar íocaíocht trí Chlib Páirceála/Páirceáil Mhiondíola nó modh íocaíochta leictreonach faofa. |
| | | 2. | Beidh an táille atá ar thicéad páirceála iníoctha trí mheascán ar bith de bhoinn bhailí nó, sa chás go gcuirtear an tsaoráid ar fáil, trí chárta íocaíochta nó trí ghuthán póca. |
| | | 3. | Déanfar íocaíocht le hairgead tirim tríd an táille chuí don am páirceála a theastaíonn a chur isteach sa mheaisín ticéad páirceála cuí agus trí na treoracha a leanúint ar an meaisín ticéad páirceála chun ticéad páirceála bailí a fháil. |
| | | 4. | Déanfar íocaíocht le cárta íocaíochta tríd an gcárta íocaíochta a chur isteach sa mheaisín ticéad páirceála agus trí na treoracha a leanúint ar an meaisín ticéad páirceála chun ticéad páirceála bailí a fháil. |
| | | 5. | Déanfar íocaíocht le guthán póca trí na treoracha a leanúint ar an meaisín ticéad páirceála nó trí láithreán gréasáin na Comhairle le haghaidh criosanna íocaíochta Clib Pháirceála chun ticéad páirceála bailí a fháil. |
| | | 6. | Taispeánfar an ticéad páirceála bailí de réir Fhodhlí 8 láithreach ar pháirceáil, a fhad agus, sa chás go bhfuil feithicil páirceáilte ag tráth seachas le linn uaireanta oibríochta, go dtaispeánfar an ticéad páirceála bailí i gcomhréir le Fodhlí 8 ar thosú uaireanta oibriúcháin. |

**Tréimhse pháirceála in áit pháirceála ticéad**

11\. 1. Seachas feithiclí Carrchlóis a thaispeánann cead bailí Feithicle do Chlub Gluaisteán agus feithiclí a thaispeánann Cead Páirceála bailí do dhaoine faoi mhíchumas agus feithiclí a thaispeánann Cead Páirceála bailí Tráchtála, Cónaitheora, Sealadach, Dea-Mhéine, ní bheidh feithicil atá páirceáilte i limistéar páirceála íoctha le linn uaireanta oibriúcháin páirceáilte amhlaidh ar feadh tréimhse níos faide ná an tréimhse uasta a cheadaítear páirceáil an lá sin san áit pháirceála ticéad sin, mar atá léirithe ar an meaisín cuí ticéad páirceála agus ar an gcomharthaíocht.

2\. Nuair a chuirtear bá luchtaithe feithicle faoi chumhacht leictreach ar fáil, ní stopfar ná ní pháirceálfar feithicil murach gur feithicil leictreach í, a bhfuil cadhnra na feithicle sin á luchtú. Ní pháirceálfar feithicil atá páirceáilte i mbá páirceála d'fheithicil faoi chumhacht leictreach **ar feadh níos faide ná 3 huaire an chloig.**

**Gluaisrothair atá coiscthe ó pháirceáil in áit pháirceála ticéad**

12\. Ní pháirceálfar gluaisrothar, a bhfuil nó nach bhfuil carr cliathánach ceangailte leis, nó rothar cos i rith uaireanta oibríochtúla in áit pháirceála ticéad.

**Rialuithe Páirceála Íoctha a chur ar fionraí ar laethanta ar leith**

13\. Ní bheidh feidhm ag rialuithe páirceála íoctha in aon áit pháirceála íoctha ar na laethanta seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Lá Caille | An 1 Eanáir |
| Lá Fhéile Pádraig | An 17 Márta |

| | |
|---|---|
| Aoine an Chéasta | Inathraithe |
| Luan Cásca | Inathraithe |
| Saoire Phoiblí na Bealtaine | An Chéad Luan i mBealtaine |
| Saoire Phoiblí an Mheithimh | An Chéad Luan i Meitheamh |
| Saoire Phoiblí Lúnasa | An Chéad Luan i Lúnasa |
| Saoire Phoiblí Dheireadh Fómhair | An Luan Deireanach i nDeireadh Fómhair |
| Lá Nollag | An 25 Nollaig |
| Lá Fhéile Stiofáin | An 26 Nollaig |

**Meaisín páirceála** oibriú **ticéad nó áit pháirceála ticéad a chur ar fionraí**

14\. 1. Féadfaidh an Chomhairle nó a gníomhairí meaisín ticéad páirceála nó áit pháirceála ticéad a chur ar fionraí, Beidh an fhionraí faoi réir cheadúnas réamhfhaofa agus aon choinníollacha a fhéadfaidh an Chomhairle a shonrú i scríbhinn, lena n-áirítear táille a íoc ag an duine a iarrann fionraí.

2. Léireofar fionraí meaisín ticéad páirceála nó áit pháirceála ticéad trí chomhartha nó feiste eile a chur air go soiléir agus é á léiriú go bhfuil sé neamhoibríoch nó tríd an meaisín ticéad páirceála a bhaint go sealadach agus comhartha a chur in airde a léiríonn go bhfuil cosc ar pháirceáil feithiclí san áit pháirceála ticéad.

3. Cion a bheidh ann chun coinníoll a shárú a shonraíonn an Chomhairle i scríbhinn nuair a cuireadh meaisín páirceála ticéad nó áit pháirceála ticéad ar fionraí. I gcás feithicil a bheith páirceáilte de shárú ar na coinníollacha seo measfar iad a bheith páirceáilte go neamhdhleathach chun críocha an Achta um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 2006 agus aon Rialacháin a rinneadh faoi.

4. Leagfar amach an táille/na táillí a ghearrtar ar fhionraí nó athnuachan faoi mar atá siad leagtha amach in Aguisín 4 de na Fodhlíthe seo.

**Cur isteach** 15.

1. Ní chuirfidh aon duine aon bhoinn, earra ná rud, seachas bonn bailí nó cárta íocaíochta isteach i meaisín ticéad páirceála ná ní chuirfidh siad isteach, ar aon bhealach eile, ar mheaisín ticéad páirceála i limistéar páirceála ticéad.

2. Ní dhéanfaidh aon duine seachas gníomhaire de chuid na Comhairle, comhalta den Gharda Síochána, duine údaraithe, nó maor tráchta cur isteach ar bhealach ar bith le cochall, comhartha nó gléas eile a chuirtear ar mheaisín ticéad páirceála nó ar phláta eolais i limistéar páirceála ticéad.

3. Ní chuirfidh duine isteach ar thicéad páirceála íoc agus taispeáin, cead páirceála cónaitheora, cead páirceála cuairteora, Cead Tráchtála, Cead Sealadach, Cead Dea-Mhéine, cead Feithicle Club Gluaisteán, cead páirceála do dhaoine faoi mhíchumas, ná ní dhéanfaidh sé nó sí iad é a athrú nó a mhilleadh.

4. D'fhéadfadh duine a fhaightear ciontach as cur isteach ar mheaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin nó ar phláta eolais a bheith faoi réir ionchúisimh.

## CUID III

### Cead Páirceála Cónaitheoirí

**Sainmhínithe do Cuid III**

16. Sa chuid seo de na Fodhlíthe seo –

Ciallaíonn **"fianaise inghlactha"** –

(a) Deimhniú árachais nó leabhar clárúcháin reatha a dheimhníonn go gcoinníonn an cónaitheoir an fheithicil ar an mbóthar lena mbainfidh an cead páirceála cónaitheoirí de ghnáth, nó

(b) Más rud é gurb é an t-iarratasóir úinéir cláraithe na feithicle a bhfuil an t-iarratas ar chead páirceála cónaitheoirí á dhéanamh ina leith agus tá an fheithicil sin faoi árachas lena f(h)ostóir, deimhniú árachais an fhostóra agus fianaise dhoiciméadach shásúil ón bhfostóir go bhfuil an t-iarratasóir i bhfostaíocht lánaimseartha leis an gcuideachta agus go bhfuil an fheithicil shonraithe faoi árachas leis an gcuideachta, nó

(c) Más rud é nach é an t-iarratasóir úinéir cláraithe na feithicle a bhfuil an t-iarratas ar chead páirceála cónaitheoirí á dhéanamh ina leith, ach úsáideann an t-iarratasóir an fheithicil sin i gcúrsa a c(h)uid fostaíochta, deimhniú árachais an fhostóra don fheithicil agus fianaise dhoiciméadach shásúil ón bhfostóir arb é/í úinéir cláraithe na feithicle sin, a dheimhníonn go bhfuil an t-iarratasóir ag obair go lánaimseartha don úinéir cláraithe agus go gcoinníonn an t-iarratasóir an fheithicil, de ghnáth, ag seoladh an chónaitheora ar an mbóthar lena mbainfidh an cead páirceála cónaitheoirí, agus

(d) Seachas i gcás paragraf (c) den Fhodhlí seo, deimhniú ceadúnaithe feithicle, leabhar clárúcháin a dheimhníonn gurb é an t-iarratasóir ar chead páirceála cónaitheoirí úinéir cláraithe na feithicle

a bhfuil an t-iarratas ar chead páirceála cónaitheoirí á dhéanamh ina leith agus go bhfuil an fheithicil sin cláraithe ag seoladh an chónaitheora ar an mbóthar lena mbainfidh an cead páirceála cónaitheoirí.

(e) Ceadúnas tiomána nó ceadúnas sealadach in ainm an chónaitheora atá ag cur isteach ar chead páirceála cónaitheoirí, agus

(f) Bille fóntais reatha, ráiteas bainc reatha nó aon doiciméad eile lena nglacfaidh Comhairle Contae Fhine Gall ar a bhfuil seoladh an iarratasóra ag a s(h)eoladh ar ar an mbóthar lena mbainfidh an cead páirceála cónaitheoirí.

ciallaíonn "cúramóir" duine a thugann cúram d'Áitritheoir óna bhfuil cúram leanúnach ag teastáil mar gheall ar bhreoiteacht ainsealach.

ciallaíonn "cead páirceála do chúramóirí" doiciméad a eisíonn Comhairle Contae Fhine Gall chun críche na bhFodhlíthe seo agus faoi réir fianaise inghlactha a chur isteach.

ciallaíonn **"úinéir"** cónaitheoir a choinníonn agus a úsáideann feithicil de ghnáth;

ciallaíonn **"cónaitheoir"** duine nach é/í duine a chónaíonn i gceap árasán saintógtha a dheimhníonn don Chomhairle go gcónaíonn sé/sí de ghnáth ag an áitreabh atá lonnaithe ar shráid ina bhfuil limistéar páirceála ticéad;

ciallaíonn **"cead páirceála cónaitheoirí"** doiciméad a eisítear chun críocha na Coda seo agus ina bhfuil na sonraí a leagtar amach i bhFodhlí 17;

ciallaíonn **"cead páirceála bailí cónaitheoirí"** cead páirceála cónaitheoirí a bhaineann le crios

páirceála ticéad áirithe agus le tréimhse nach bhfuil imithe in éag;

ciallaíonn **"feithicil"**

(a) feithicil do phaisinéirí ag a bhfuil cóiríocht do phaisinéirí nach mó ná dhá dhuine dhéag, an tiománaí as an áireamh, agus nach dtarraingíonn leantóir ná aon fheithicil eile;

(b) feithicil earraí a bhfuil meáchan gan ualach nach mó ná 3.5 tonna aige agus nach dtarraingíonn leantóir ná aon fheithicil eile.

**Sonraí faoi chead páirceála cónaitheoirí**

17. I measc nithe eile, beidh na nithe seo a leanas ar chead páirceála cónaitheoirí:-

(a) na focail "Comhairle Contae Fhine Gall" agus "Fingal County Council";
(b) na focail "Cead Páirceála Cónaitheoirí";
(c) cláruimhir na feithicle a bhfuil sé eisithe ina leith ;
(d) an dáta eisiúna;
(e) an dáta éagtha;
(f) ~~an limistéar páirceála ticéad~~ ná bóthair ceada páirceála cónaitheoirí lena mbaineann sé.
(g) Ainm na Rannóige a eisíonn an Cead.

**Cead chun feithicil a** ar **pháirceáil ina** feithicle **bhfuil cead** t(h)oiliú) an fheithicil **páirceála cónaitheoirí ar taispeáint** seachas

18. Má chuirtear cead páirceála bailí cónaitheoirí ar taispeáint, i gcomhréir le Fodhlí 19, ar an bhfeithicil eisíodh an cead ina leith, beidh cead ag úinéir na (nó aon duine a úsáideann é lena

a pháirceáil gan srian ó thaobh ama de sa limistéar páirceála ticéad lena mbaineann an cead, ar an gcoinníoll go bhfuil an fheithicil páirceáilte go dleathach

sin.

**Cead páirceála** taispeáint **Cónaitheoirí a** leith **thaispeáint** den fheithicil.

19. Cuirfear cead páirceála bailí cónaitheoirí ar ar an taobh istigh den fheithicil a n-eisítear é ina ionas gur féidir é a léamh ó thaobh amuigh

**Cead páirceála** cead **cónaitheoirí a** feithicil **eisiúint agus an** limistéar **táille a ghearrtar air**

20\. 1. Féadfaidh an Chomhairle nó a gníomhairí páirceála cónaitheoirí a eisiúint i dtaca le a pháirceáil in áit pháirceála ticéad nó páirceála ticéad, má tá an Chomhairle nó a gníomhairí sásta, tar éis fianaise inghlactha a chur ar fáil, go gcónaíonn an t-iarratasóir ar shráid lena mbainfidh an cead.

2. Féadfaidh an Comhairle nó a gníomhairí cead páirceála cónaitheoirí a eisiúint i dtaca le feithicil ar leis an úinéir í agus beidh sé bailí ar feadh tréimhse nach faide ná dhá bhliain ón dáta eisiúna i dtaca leis an bhfeithicil sin agus don limistéar páirceála ticéad lena mbaineann sé.

3. Ní eiseofar ach cead amháin d'aon úinéir feithicle.

4. Ní eiseofar níos mó ná ceithre chead d'aon tréimhse nach faide ná dhá bhliain i dtaca le cónaitheoirí in aon teach amháin.

5. Má roinntear teach ina shé aonad nó níos lú, ní eiseofar ach cead amháin i dtaca le gach aonad.

6. Ní ghlacfar le hiarratais ar cheadanna páirceála cónaitheoirí ó chónaitheoirí i gcás teach atá roinnte ina sheacht n-aonad nó os a chionn sin.

7. Leagfar amach an táille i leith cead páirceála cónaitheoirí in Aguisín 1 de na Fodhlíthe seo.

**Cead Páirceála Cónaitheoirí a** ach foirm **Athnuachan** agus an

21. 1. Féadfaidh an Chomhairle nó a gníomhairí cead páirceála cónaitheoirí a athnuachan iarratais chomhlánaithe a chur isteach táille chuí a íoc, mar a leagtar amach in Aguisín 1 na bhFodhlíthe seo, agus tar éis 'fianaise inghlactha' a chur isteach.

2. Ní mór cead páirceála cónaitheoirí a athnuachan taobh istigh den tréimhse athnuachana, a dtagann deireadh leis 28 lá i ndiaidh dháta éagtha an cheada reatha. Beidh an t-iarratasóir freagrach as cead páirceála a athnuachan.

3. Ag tráth ar bith sula dtéann cead páirceála cónaitheoirí in éag, féadfaidh an Chomhairle iarraidh ar an duine dar eisíodh cead 'fianaise inghlactha' a chur ar fáil chun deimhniú don Chomhairle go raibh siad i dteideal an cead a fháil. Seolfar aon iarratas den chineál sin i scríbhinn chuig an duine dar eisíodh an cead ag an seoladh a thug an duine sin ar an bhfoirm iarratais.

4. Más rud é nach gcuirfear 'fianaise inghlactha' ar fáil don Chomhairle taobh istigh de mhí amháin ó dháta an iarratais i scríbhinn, féadfaidh an Comhairle, dá lánrogha féin, cinneadh nach bhfuil cead páirceála an chónaitheora bailí agus an cead a chealú gan aon fhógra eile.

**Cead páirceála cónaitheoirí ionaid** gníomhairí cead **a eisiúint** leagtar

22. Má tá an Chomhairle sásta gur cailleadh cead páirceála cónaitheoirí bailí nó gur scriosadh nó gur goideadh é, eiseoidh an Chomhairle nó a ionaid don úinéir tar éis an táille a íoc mar a amach in Aguisín 1 de na Fodhlíthe seo, agus

rachfar an beidh | cead ionaid sin in ionad an cheada bhunaidh agus an cead bunaidh neamhbhailí.

**Cead páirceála ag an cónaitheoirí a sheoladh ar ais**

23. Má scoireann an sealbhóir de bheith ina c(h)ónaí ag an seoladh a cuireadh in iúl tráth eisiúint an cheada nó má fhaigheann sé/sí réidh leis an bhfeithicil lena mbaineann an cead, le linn na tréimhse lena mbaineann an cead cónaitheoirí, seolfaidh sé/sí an cead páirceála cónaitheoirí ar ais don Chomhairle nó a gníomhairí. Ní thabharfar aon chreidmheas ná aisíocaíocht i leith na tréimhse nach bhfuil caite i gcás cead páirceála cónaitheoirí a sheoltar ar ais.

**Athrú Feithicle - cead páirceála cónaitheoirí a eisiúint**

24. Má chuireann sealbhóir ceada páirceála cónaitheoirí feithicil nua in áit feithicil eile, beidh sé/sí i dteideal, tar éis an cead bunaidh a thabhairt suas, cead páirceála cónaitheoirí nua a fháil i dtaca leis an bhfeithicil nua a bheidh bailí ar feadh na tréimhse a shonraítear ar an gcead bunaidh, faoi réir fianaise inghlactha a chur ar fáil i dtaca leis an bhfeithicil nua agus an táille a shocraíonn an Chomhairle a íoc.

**Cead páirceála cónaitheoirí a a eisiúint do dhaoine muinteartha neamhchónaithe (Cead Cúramóra)**

25. Féadfaidh an Chomhairle agus a Gníomhairí cead páirceála cónaitheoirí a eisiúint do dhá dhuine muinteartha nach garghaolta iad agus nach iad a ghníomhaíonn mar chúramóirí deonacha do chónaitheoirí a bhfuil a n-áiteanna cónaithe i limistéar páirceála íoctha a n-eisíonn an Chomhairle ceadanna cónaitheoirí ina leith agus a dteastaíonn cúram laethúil uathu mar gheall ar bhreoiteacht ainsealach. Eiseofar an cead páirceála cónaitheoirí gach bliain faoi réir deimhniú/deimhnithe árachais feithicle an duine mhuinteartha nó na ndaoine muinteartha a chur isteach in éineacht le deimhniú

i scríbhinn ó dhochtúir an chónaitheora go dteastaíonn cúram laethúil ón gcónaitheoir mar gheall ar bhreoiteacht ainsealach.

**Cur isteach ar chead páirceála cónaitheoirí/cead neamhbhailí**

26\. 1. Is cion é cead páirceála cónaitheoirí a chur ar taispeáint agus féadfar an cónaitheoir nó an t-iarratasóir a choinneáil amach ón scéim. **páirceála**

2\. Sa chás go bhfuil feithicil ina bhfuil cead páirceála cónaitheoirí páirceáilte in áit pháirceála ticéad, ní dhéanfaidh duine cur isteach ar chead, cead a athrú nó cead a lot.

## CUID IV

### Cead Páirceála Cuairteora

**Sainmhínithe do Cuid IV.**

27. Sa chuid seo de na Fodhlíthe seo –

ciallaíonn **"cónaitheoir"** duine nach é/í duine a chónaíonn i gceap árasán saintógtha a dheimhníonn don Chomhairle go gcónaíonn sé/sí de ghnáth ag an áitreabh atá lonnaithe ar shráid ina bhfuil limistéar páirceála ticéad;

ciallaíonn **"cead páirceála do chuairteoirí bailí"** cead páirceála do chuairteoirí;

(a) a stróiceadh nó a marcáladh ar bhealach eile de réir mar is cuí sa chaoi is go léirítear bliain, mí, lá agus dáta ar cuireadh tús leis an tréimhse pháirceála i gcás feithicle ina bhfuil an cead páirceála do chuairteoirí ar taispeáint de réir na bhFodhlíthe seo, agus

(b) nach léirítear aon bhliain, mí, lá nó dáta eile air, agus

(c) ar a léirítear go bhfuil an fheithicil páirceáilte mar sin ar feadh tréimhse nach faide na an tréimhse ar féidir í a pháirceáil in áit pháirceála ticéad i gcomhréir leis na Fodhlíthe seo, agus

(d) eisíodh an cead i leith an limistéir pháirceála ticéad ina bhfuil an fheithicil páirceáilte;

ciallaíonn **"feithicil"**

(a) feithicil do phaisinéirí ag a bhfuil cóiríocht do phaisinéirí nach mó ná dhá dhuine dhéag, an tiománaí as an áireamh, agus nach dtarraingíonn leantóir ná aon fheithicil eile;

(b) feithicil earraí a bhfuil meáchan gan ualach nach mó ná 3.5 tonna aige agus nach dtarraingíonn leantóir ná aon fheithicil eile.

(c) feithicil earraí atá páirceáilte chun críche atá tánaisteach d'úsáid áitribh sa limistéar páirceála ticéad sin;

**Sonraí faoi chead páirceála** lá **cuairteora** sonraí

28. Is doiciméad é cead páirceála cuairteora ar a bhfuil marcanna agus siombail ar féidir leo an bhliain, mí, agus dáta a thabhairt le fios agus ar a bhfuil na

a leanas i measc nithe eile:

(a) na focail "Comhairle Contae Fhine Gall";
(b) na focail "Cead Páirceála Cuairteora";
(c) an limistéar páirceála ticéad lena mbaineann.

**Cead chun feithicil a pháirceáil ina** in **bhfuil cead páirceála cuairteora** gcomhréir le **ar taispeáint**

29. Beidh cead ag úinéir na feithicle (nó aon duine a úsáideann é lena t(h)oiliú) í a pháirceáil ar feadh tréimhse nach faide ná 24 uair ó thús na páirceála áit pháirceála ticéad má chuirtear cead páirceála cuairteora bailí ar taispeáint ar fheithicil, i Fodhlí 30.

**Cead páirceála** taispeáint **cuairteora a thaispeáint**

30. 1. Cuirfear cead páirceála cuairteora ar ar an mbealach seo a leanas:-

(a) déanfar polladh nó marc soiléir ar leith, de réir mar is cuí, a léiríonn an bhliain, mí, lá agus dáta ar a gcuirtear tús leis an bpáirceáil ar an gcead páirceála do chuairteoirí nuair a chuirtear tús leis an bpáirceáil;

(b) cuirfear an cead páirceála do chuairteoirí ar taispeáint ar an taobh istigh den fheithicil sa chaoi is gur féidir le duine ar an taobh amuigh den fheithicil féach ar

an bpolladh nó an marc chun fáil amach cathain a cuireadh tús leis an bpáirceáil;

(c) cuirfear an cead páirceála cuairteora ar taispeáint i gcomhréir le paragraf (b) den Fodhlí seo ar feadh na tréimhse ar fad atá an fheithicil páirceáilte in áit pháirceála ticéad.

2. Sa chás go ndéanfar feithicil ina bhfuil cead páirceála cuairteora ar taispeáint a bhí páirceáilte in áit pháirceála ticéad ar feadh tréimhse nach faide ná an tréimhse uasta pháirceála i gcomhréir le Fodhlí 29 de na Fodhlíthe seo a pháirceáil in áit pháirceála ticéad eile sa limistéar páirceála ticéad céanna ar an lá céanna laistigh den tréimhse uasta pháirceála, ní gá, faoi réir paragraf 1(b) agus 1(c) den Fhodhlí a chomhlíonadh, cloí le paragraf 1(a) den Fhodhlí.

**Cead páirceála** cead **cónaitheora** cónaitheoir **a eisiúint agus** dtaca le feithicil a **an táille a** de ghnáth agus **ghearrtar air** sealadach in áit

31. 1. Féadfaidh an Chomhairle nó a gníomhairí

páirceála cuairteora a eisiúint do gach
i limistéar páirceála ticéad i
nach gcoinnítear sa limistéar sin
agus nach mór í a pháirceáil go

pháirceála ticéad sa limistéar sin chun críche atá tánaisteach d'úsáid áit chónaithe an chónaitheora.

2. Is ionann líon iomlán na gceadanna páirceála cuairteora a fhéadfar a eisiúint do gach cónaitheoir i limistéar páirceála ticéad in aon tréimhse 12 mhí agus 50.

3. Is ionann an táille a ghearrfar ar gach cead páirceála cuairteora agus an táille a leagtar

amach in Aguisín 1 de na Fodhlíthe sin.

4. Ní bheidh cead páirceála cónaitheoirí bailí le húsáid ach amháin san áit pháirceála ticéad lena mbaineann an cead.

5. Ní bheidh ceadanna páirceála do chuairteoirí inaisíoctha ná inmhalartaithe.

**Cead páirceála** 32. Is cion é má dhíolann cónaitheoir cead páirceála
**cuairteora a** le haon duine nach cuairteoir é/í de réir na
bhFodhlíthe **dhiúscairt/Cur** seo nó má dhiúscraíonn sé/sí an cead
ar bhealach eile. **isteach ar chead** Is cion é cead páirceála
cuairteora neamhbhailí a chur **páirceála cuairteora** ar taispeáint. Is cion é cur
isteach ar chead, cead a athrú
nó cead a lot.

## CUID V

## Ceadanna Páirceála Tráchtála

**Sonraí faoi** chead **chead páirceála tráchtála**

33. Beidh na nithe seo a leanas i measc nithe eile ar páirceála tráchtála:-

(a) na focail "Comhairle Contae Fhine Gall" agus "Fingal County Council";
(b) na focail "Cead Páirceála Tráchtála";
(c) cláruimhir na feithicle a bhfuil sé eisithe ina leith;
(d) an dáta eisiúna;
(e) an dáta éagtha;
(f) na bóithre ceada páirceála lena mbaineann sé;

**Cead páirceála tráchtála a** dheimhníonn **eisiúint agus** den chineál sin, mar **an táille** f(h)ostaíochta i limistéar **a ghearrtar air** éis fianaise inghlactha a chur ar

34. Féadfaidh an Chomhairle nó a gníomhaire cead páirceála tráchtála a eisiúint do dhuine a don Chomhairle go bhfuil gá le cead geall ar nádúr agus/nó lonnú a páirceála ticéad, agus tar fáil.

Beidh an cead páirceála tráchtála bailí ar feadh tréimhse nach faide ná bliain amháin ón dáta eisiúna i dtaca leis an bhfeithicil sin agus don limistéar páirceála ticéad lena mbaineann an cead, faoi réir dhá chead ar a mhéad.

Leagfar amach an táille i leith cead páirceála tráchtála in Aguisín 1 de na Fodhlíthe seo.

**Cead chun** taispeáint, **feithicil a phháirceáil ina**

35. Má chuirtear cead páirceála tráchtála bailí ar i gcomhréir le Fodhlí 36, ar fheithicil a n-eisítear an cead ina leith, beidh cead ag úinéir na feithicle (nó

aon **bhfuil cead** duine a úsáideann é lena t(h)oiliú) an
fheithicil a
**páirceála tráchtála** a pháirceáil gan srian ó thaobh ama de sa limistéar
**ar taispeáint** páirceála ticéad lena mbaineann an cead, ar an gcoinníoll go bhfuil an fheithicil páirceáilte go dleathach seachas sin.

**Cead páirceála** 36. Cuirfear cead páirceála tráchtála bailí ar taispeáint ar an
**tráchtála** taobh istigh den fheithicil a n-eisítear é ina leith sa chaoi is **a thaispeáint** is gur féidir é a léamh ó thaobh amuigh den feithicil.

**Cead páirceála** 37. 1. Féadfaidh an Chomhairle nó a Gníomhairí
**tráchtála** cead páirceála tráchtála a athnuacha ach
foirm **a athnuachan** iarratais chomhlánaithe a chur isteach agus

an táille chuí a íoc, mar a leagtar amach in Aguisín 1 de na Fodhlíthe sin.

2. Ní mór cead páirceála tráchtála a athnuachan taobh istigh den tréimhse athnuachana, a dtagann deireadh leis 28 lá i ndiaidh dháta éagtha an cheada reatha. Beidh an t-iarratasóir freagrach as cead páirceála tráchtála a athnuachan.

**Cead páirceála** 38. Má tá an Chomhairle sásta gur cailleadh cead
**tráchtála** páirceála tráchtála bailí, gur scriosadh é nó gur
goideadh
**ionaid** é, féadfaidh an Chomhairle nó a gníomhairí cead
ionaid
**a eisiúint** a eisiúint don úinéir tar éis táille a íoc mar a mar a leagtar amach in Aguisín 1 de na Fodhlíthe seo, agus rachfar an cead ionaid in áit an cheada bhunaidh agus beidh an cead bunaidh neamhbhailí.

**Cead páirceála** 39. Ní bheifear ceadanna páirceála tráchtála a aistriú.
**tráchtála**
**a aistriú**

**Cead páirceála tráchtála neamhbhailí a thaispeáint/Cur isteach ar chead páirceála tráchtála**

40\. 1. Is cion é cead páirceála tráchtála neamhbhailí nó falsaithe a chur ar taispeáint.

2. Sa chás go bhfuil feithicil ina bhfuil cead páirceála tráchtála ar taispeáint páirceáilte in áit pháirceála ticéad, ní dhéanfaidh duine cur isteach ar chead, cead a athrú nó cead a lot.

**Cáipéisí falsaithe**

41\. Sa chás go gcuireann iarratasóir cáipéisí falsaithe isteach chun tacú lena (h)iarratas ar chead páirceála tráchtála, féadfaidh an Chomhairle, dá lánrogha féin, cinneadh a dhéanamh gan cead páirceála tráchtála a eisiúint don iarratasóir sin.

## CUID VI
## Cead gan Meaisín(í) Ticéad Páirceála Íoc agus Taispeáin agus/nó Áit(eanna) P(h)áirceála Íoc agus Taispeáin a Oibriú

**Iarratas** páirceála scríbhinn

42. Ní mór iarratas ar chead gan meaisín(í) ticéad íoc agus taispeáin agus/nó áit(eanna) p(h)áirceála íoc agus taispeáin a oibriú ar bhóthar poiblí laistigh de charrchlós Comhairle a dhéanamh i do na nithe seo a leanas:

(a) scipe bruscair a chur
(b) scothroghnóir a chur
(c) crann tógála a chur
(d) feithicil os cionn 3.5 tonna a chur
(e) chun críocha scannánaíochta agus/nó feithiclí gaolmhara
(f) oibreacha fóntais agus/nó feithiclí
(g) rochtain ar an mbóthar poiblí a oscailte, agus
(h) aon chúinsí eile de réir mar is rogha do Chomhairle Contae Fhine Gall

**Coinníollacha** eisiúint **an cheada**

43. Beidh an cead, má thugtar é, faoi réir ceadúnas a

ag an gComhairle agus aon choinníoll a shonróidh an Chomhairle i scríbhinn, lena n-áirítear táille/táillí a íoc ag an duine/gníomhaireacht a dhéanann iarratas ar chead.

**Táillí** **Cuí**

44. Is ionann an táille/na táillí iníoctha le haghaidh fionraíochta agus an táille/na táillí a leagtar amach in Aguisín 4 de na Fodhlíthe seo.

**Cead** éineacht le **a eisiúint**

45. Eiseofar an cead, má thugtar é, i scríbhinn in le fógra maidir le sonraí an cheada chuig an ngníomhaireacht feidhmithe oiriúnach.

**Sárú ar** a **Choinníollacha**

46. Is cion é coinníoll a shonraítear i scríbhinn ar cead shárú.

**Bánna a chur** fháil **ar fionraí go** an

47. Is cion é bá páirceála a chur ar fonraí gan cead a roimh ré ón gComhairle agus féadfar go mbainfidh

**neamhúdaraithe:** Chomhairle nó a Gníomhairí aon cheann de na míreanna thuasluaite (ach gan a bheith teoranta dóibh).

## CUID VI

## Ilghnéitheach

**Gan feidhm bheith ag Fodhlíthe 6 go 15 de na Fodhlíthe a 15 seo le feithiclí áirithe**

48. Ní bheidh feidhm ag Fodhlíthe 6 go 15 maidir leis **a** na feithiclí seo:

1 feithicil atá á húsáid i dtaca le bac ar thrácht a bhaint, feithicil a bhaint de bhun alt 97 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 arna leasú, feithiclí a dhíchumasú agus a scaoileadh, cothabháil, feabhas nó ath-thógáil a dhéanamh ar bhóthar poiblí, príomhdhraein, píopa nó gléasra a chur ar fáil, a athrú nó cothabháil a dhéanamh orthu chun gás, ola, uisce nó leictreachas nó líne fóin a chur ar fáil nó comhartha tráchta a chur ar fáil,

2 feithicil briogáid dóiteáin, otharcharr nó feithicil atá á húsáid ag maor tráchta, duine údaraithe nó ball den Gharda Síochána nó Óglaigh na hÉireann agus é/í i mbun a c(h)uid dualgas,

3 feithicil ina bhfuil cead páirceála do dhuine faoi mhíchumas ar taispeáint agus atá páirceáilte ar mhaithe leis an duine dar tugadh an cead sin má tá an cead ar taispeáint go feiceálach san fheithicil nuair atá an fheithicil páirceáilte go dleathach in áit pháirceála bhailí íoc agus taispeáint le linn uaireanta oibriúcháin.

4 Feithicil a ndearnadh damáiste di nó atá briste síos, le linn na tréimhse is gá chun deisiúcháin ar an bhfeithicil a chur i

bhfeidhm nó í a bhaint den suíomh, agus tugadh fógra don Chomhairle.

| | | |
|---|---|---|
| **Bánna Páirceála Bus** | 49. | Ciallaíonn "bá páirceála bus" áit a ainmníonn Comhairle Contae Fhine Gall le haghaidh busanna nó cóistí a pháirceáil, busanna nó cóistí a bhfuil spás do níos mó ná 8 bpaisinéir iontu, chun críocha paisinéirí a scaoileadh amach agus a phiocadh suas amháin agus de réir mar a thugtar le fios ag marcanna cuí agus comharthaí faisnéise a ngabhann leo.<br><br>Ní pháirceálfar feithicil nach feithicil den chineál sin ar a ndéantar cur síos thuas i mbá páirceála bus. |
| **Glanbhealaí** | 50. | Ní cheadófar feithicil a stopadh ná a pháirceáil i nglanbhealach le linn na tréimhse a thugtar le fios ar an gcomhartha faisnéise. |
| **Bánna Lódála** | 51. | Ní cheadófar feithicil nach feithiclí earraí í a pháirceáil i mbá lódála, agus<br><br>Ní dhéanfar feithicil earraí a pháirceáil i mbá lódála seachas chun críche páirt ghníomhach a ghlacadh in earraí a lódáil nó a dhílódáil, agus<br><br>Ní dhéanfar feithicil earraí a pháirceáil i mbá lódáil ar feadh tréimhse is faide ná 30 nóiméad. |
| **Limistéir** ainmnítear **Thuirlingthe** agus de | 52. | Is cion é aon fheithicil a pháirceáil in áit a mar limistéar chun paisinéirí a scaoileadh amach<br><br>réir mar a thugtar le fios ag marcanna cuí agus Comhartha Faisnéise a ngabhann leo. |
| **Ceadeanna** in **páirceála saor** chuirtear **in aisce a eisiúint** | 53. | Féadfaidh an Chomhairle ceadanna páirceála saor saor in aisce/sealadacha a eisiúint. Nuair a<br><br>na ceadanna ar taispeáint i bhfeithicil, beifear ábalta feithiclí a pháirceáil in aon bhá páirceála |

íoctha  nó bá ceada páirceála cónaitheoirí lena mbaineann na Fodhlíthe seo, ar an gcoinníoll go bhfuil an fheithicil páirceáilte go dleathach seachas sin agus faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach ar eisiúint an cheada pháirceála saor in aisce/shealadaigh.

**Cáipéisíocht** páirceála **fhalsaithe**

54. Ní eiseofar cead páirceála cónaitheoirí nó cead cuairteora do chónaitheoir/iarratasóir a chuireann cáipéisíocht fhalsaithe mar thacaíocht lena (h)iarratas ar chead páirceála cónaitheoirí agus/nó ceadanna páirceála cuairteora.

Féadfaidh an Chomhairle cead páirceála cónaitheoirí agus/nó ceadanna páirceála cuairteora a chealú má fhaigheann sí amach nach bhfuil sealbhóir an cheada chónaitheora i dteideal cead a fháil i gcomhréir leis na Fodhlíthe sin, nó má fhaigheann sí amach go bhfuair an sealbhóir an cead mar gheall ar cháipéisíocht fhalsaithe a chur isteach.

Féadfar cosc a chur ar chónaitheoir nó iarratasóir cead a fháil má tá fianaise ann go ndearnadh fianaise nó cáipéisíocht a fhalsú.

**Séanadh**

55. I gcomhréir le hAlt 36(13) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, ní bheidh an Chomhairle Contae ná a gníomhairí faoi réir aon dliteanais i dtaca le haon chaillteanas nó damáiste d'aon fheithicil in áit pháirceála nó aon rud atá san fheithicil sin mar gheall ar a bhfeidhmeanna faoi na Fodhlíthe sin a fheidhmiú.

# Aguisín 1:

## Táillí ar Pháirceáil Sráide

Limistéir Ghearrthréimhseacha

€1.20 in aghaidh na huaire nó codán de sin i leith tréimhsí nach faide ná uair amháin

Ceannach íosta €0.50

Limistéir Fhadtréimhseacha

| | |
|---|---|
| Limistéar Fadtréimhseach 1: | €0.50 in aghaidh na huaire nó codán de sin i leith tréimhsí nach faide ná uair amháin. |
| Limistéar Fadtréimhseach 2: | €2.00 in aghaidh an lae nó codán de sin. |

Clib Pháirceála/Páirceáil Gan Airgead Tirim

€1.00 in aghaidh na huaire nó codán de sin i leith tréimhsí nach faide ná uair amháin i limistéir ghearrthréimhseacha.

Ceannach íosta €0.50

Is ionann na táillí fadtréimhseacha agus na táillí thuas.

Cead Páirceála Cónaitheoirí/Cead do Chúramóirí

€20.00 in aghaidh gach ceada bhliantúil

€30.00 cead dhá bhliain (N/B - Cead do Chúramóirí - ní mór cur isteach gach bliain)

€10.00 cead ionaid

Cead Páirceála do Chuairteoirí

€1.50 in aghaidh ceada (díolta i bpacaí 10 gcinn @ €15.00)

Cead Páirceála Tráchtála

€600.00 in aghaidh an cheada gach bliain

€10.00 in aghaidh cead ionaid

Páirceáil Aoisbháúil

Baineann na gnáth-tháillí thuas, ag brath ar shuíomh na mbánna.

Bánna Luchtaithe do Fheithiclí Leictreacha

Tá feidhm ag gnáth-tháillí páirceála thuas, ag brath ar shuíomh na mbánna. Gearrfar táillí ar leith ar luchtú na feithicle leictrí.

<u>Ceadúnais Clubanna Roinnte Carranna</u>
€500 in aghaidh ceada

# AGUISÍN 2

## Táill Páirceála i gCarrchlóis

Carrchlóis Shráid na Cé, Baile Brigín (Taobh Thuaidh agus Theas den Abhainn Bracken) - Uair a chloig saor in aisce agus 50 cent in aghaidh na huaire ina dhiaidh sin, faoi réir muirear uasta €3 in aghaidh an lae.

Carrchlós Bridgefield, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Mullach Íde - Uair a chloig saor in aisce agus €1 in aghaidh na huaire ina dhiaidh sin agus ar bhonn pro rata i leith tréimhsí nach faide ná uair amháin (faoi réir ceannach íosta 50 cent)

Ní mór ticéid a phriontáil agus a chur ar taispeáin don uair saor in aisce.

# <u>AGUISÍN 3</u>

## ***<u>PÁIRCEÁIL ÍOCTHA I gCARRCHLÓIS</u>***

Baineann na Fodhlíthe seo leis na carrchlóis seo a leanas:-

***<u>BAILE BRIGÍN</u>*****:**

**Carrchlós Shráid na Cé (Taobh ó Thuaidh den Abhainn Bracken)**

**Carrchlós Shráid na Cé (Taobh ó Dheas den Abhainn Bracken)**

***<u>MULLACH ÍDE:</u>***

**Carrchlós Bridgefield, Bóthar Bhaile Átha Cliath**

Cuimseofar aon charrchlós breise a fhéadfaidh a chur san áireamh ina dhiaidh sin leis an fodhlíthe seo.

# Aguisín 4

## Táillí ar Bhánna Páirceála Méadraithe agus Marcanna Bóthair a Bhaint agus a Chur ar Fionraí go Sealadach

| Uimhir na Míre | Mír | Táillí |
|---|---|---|
| 1. | Meaisín Íoc & Taispeáin a bhaint. | €127 |
| 2. | Bonn a bhaint. | €508 |
| 3. | Meaisín Íoc & Taispeáin a athsholáthar. | €127 |
| 4. | Bonn Íoc & Taispeáin a athsholáthar. | €508 |
| 5. | Gach spás páirceála a chur ar fionraí | €25 an lá<br>€130 an tseachtain |
| 6. | Limistéar páirceála a bhaint go buan | €15,237 |
| 7. | Línte Buí Singil a Leagan | €6 in aghaidh méadar líneach |
| 8. | Línte Buí Singil a Bhaint | €13 in aghaidh méadar líneach |
| 9. | Línte Buí Dúbailte a Leagan | €8 in aghaidh méadar líneach |
| 10. | Línte Buí Dúbailte a Bhaint | €19 in aghaidh méadar líneach |
| 11. | Gach marcáil bhóthair eile agus baint na marcálacha sin | Praghas reatha don Chomhairle Contae a ghearrann a Conraitheoir uirthi móide CBL + 33 $^{1}/_{3}$ % |

Arna thabhairt faoi Chomhshéala Chomhairle Contae Fhine Gall

__________________________

Oifigeach Ainmnithe

__________________________

Stiúrthóir Seirbhísí

Arna dhátú an lá de 2019

Comhairle Contae Fhine Gall,
Halla Contae Fhine Gall,
An tSráid Mhór,
Sord,
Contae Bhaile Átha Cliath.